

An Fheirmeoireacht - Nóra De Brún (1980)

Scéalaí: Mí Feabhra thosnaimís ag uair a n'aoileach amach as a⁽¹⁾ dtalamh.

Bailitheoir: Sea

Scéalaí: chuig na bprataí a' dtuigeann tú? agus leathaimís an t-aoileach mórtimpeall na páirce agus nuair a bhíodh sé imithe tríd a' dtalamh síos, do - do threabhaidís é agus dheinidís iomaracha⁽²⁾ dóibh, sin ridges, a' dtuigeann tú?

Bailitheoir: Sea

Scéalaí: iomaracha⁽²⁾. Agus ansan a gcóir⁽³⁾ ...Tosach a' mhárta bhídís ag cuineamh ar na prataí a chur.

Bailitheoir: Sea

Scéalaí: Bhíodh gach, bhíodh na prátaí ar fad cuirthe i gcóir 'Lá 'Le Pádraig. Obair an-chruaidh ar fad. Chaithí na himer – na hiomracha a threachadh, ina

Bailitheoir: Sea

Scéalaí: le teacht arís agus chuige dhé a cuir ar na leapacha, a' dtuigeann tú? Agus ansan, an cuma a chuiridís na prátaí, chuiridís mála timpeall ansan orthu⁽⁴⁾ agus lionadís⁽⁵⁾ mála suas do scioltán, 'sé sin, na prátaí síl.

Bailitheoir: Sea, tá fhios agam.

Scéalaí: Agus bheadh ramhann agat agus bheadh a' mála ar do bholg agus bheifeá ag déanamh poll leis an ramhann agus ag cuir a phráta isteach ann. An dtuigeann tú?

Bailitheoir: Sea.

Scéalaí: Agus – nuair a bheir⁽⁶⁾ sin déanta agat, chaithfeá na poill a dhúnadh. Muna⁽⁷⁾ mbeidís dúnta, bheadh an t-aer ag dul dríd⁽⁸⁾ a bprátaí agus ní fheicfidís ró-mhaith.

Bailitheoir: Sea.

Scéalaí: Bhíodh an t-anna chré le cuir orthu ansan ar a ngladís an a⁽⁹⁾ - chré.

Bailitheoir: Sea.

Scéalaí: I dtosach na Bealtaine, agus bhíodh an aimsir chomh hálann an uair sin, tráthnóna breátha sa Bhealtaine, ba bhreá leat a bheith ag cuir a' cré isteach leis na gcais mar bhídís ag géiriú⁽¹⁰⁾.

Bailitheoir: Sea.

Scéalaí: Gach nóiméad, a dtuigeann tú? Ba bhreá leat é tráthnóna mór fada. D'fhásaidís ansan a' chuirte, bhídís ag cuir na stuife ar eagla go dtiocfadh a blight*⁽¹¹⁾ tar éis na bhlaist. An dtuigeann tú?

Bailitheoir: Yea.

Scéalaí: Agus nuair a thagann sé sin bheith tú gan aon phráta. Chaithfidís iad a dhreatháilt⁽¹²⁾ agus a' stuif a chur orthu le maisín, an dtuigeann tú?

Bailitheoir: Yea.

Scéalaí: Ansan, chaithfidís iad a ghlanadh, féar a bheadh ag fás iontu b'fhéidir talamh mar bheadh sé nó - shalach ach an talamh a bheadh go maith agus dá roitheadh⁽¹³⁾ leo gan

(1) Ní chloisim ach 'a' i gcóir "an"

(2) Deireann an scéalaí 'iomaracha' in ionad "iomairí" atá sa chaighdeán

(3) Deireann sé 'a gcóir' in ionad "i gcóir"

(4) Tá béim curtha aige ar an 'R' anseo.

(5) Níl an bhéim ar an 'N' anseo.

(6) Deireann sé 'bheir' agus is dócha gur cheart go ndearfadh sé 'bheadh'.

(7) Deireann sé 'muna' in ionad 'mura'

(8) Cloisim 'dríd' agus ba cheart go mbeadh 'tríd' ann.

(9) Ní chloisim ach 'a-chré' in ionad 'ath-chré'

(10) N'fheadar a ndeireann sé éiriú nó géiriú.

(11) Nóta: tá * in aice gach focail Béarla a dúirt sé

(12) Tá an 'R' leathan anseo.

13. Tá an 'R' leathan anseo.

an dúchan a theacht orthu bheidís ar fheabhas ar fad. Bhí prátaí an uair sin sampíní a ghlaoidís orthu, ó, bhíodar an-mhaith, well*, ní i ngach aon talamh a bheidís in ann bheith go maith a' dtuigeann tú?

Bailitheoir: Sea.

Scéalaí: A, bhí cúpla páirce agam agus bhídís ann comh maith agus a bheidís in aon áit in Éirinn. Tá áit amháin fós ann i gCeann Trá, in aice le beann fleibhe, bhíos ag caint le fear sa Daingean lá eile⁽¹⁴⁾ agus dúirt sé liom go raibh na sampíní comh maith aige an bhliain seo chaite agus a bhíodar riamh...Chuir sé ionad orm. Arsa mise, cheapas go rabhadar caite amach ar fad. Era, nílíd in aon chor a dúirt sé.

An mbíonn siad agat? Bhídís agam arsa mise comh maith agus a bhídís agaibhse fadó ach anois... era tánn tú nó – leiscúil adúirt sé, ní chuireann tú iad.

Bailitheoir: ...(gáire)

Scéalaí: Well, arsa mise tá golden wonders* ann mise comh maith leotha. Era níl in aon chor adúirt sé, is fearr na scampíní.

Bailitheoir:... (gáire)

Scéalaí: An' dtuigeann tú? Ach má theastaíonn uait, dúirt sé⁽¹⁵⁾ tabharfadh mé cloch duit, cúpla cloch do cuireadh síl⁽¹⁶⁾ Well, bead an-bhuíoch duit arsa mise ná dtabharfá, ach mar gheall ar ghléas taistil anois capall 'is cart níl sé againn agus níl gluaisteán agam. Ní na prátaí, a dtuigeann tú? Ach bhuaileas leis sa Daingean lá eile agus chuirfidh mé chugat iad adúirt sé agus is féidir leat iad a ithe... Gheobhaidh tu prátaí síl in áit éigin eile, a' dtuigeann tú?

Bailitheoir: Sea, tuigim

Scéalaí: So, bhíodh dha acra prátaí uirthi aige chuige⁽¹⁷⁾ do na feirmeoirí timpeall. Agus bhíodh, bhainidís iad le ramhann, chuiridís isteach i málaí iad, thugaidís abhaile iad leis a gcart agus a' gcapall.

Bailitheoir: Sea

Scéalaí: Bhíodh, an shed* lán ó bharr go laun de phrátaí. Well, bhíodh mise ag cuid acu, daoine eile b'fhéidir na bíodh aon mhuca, agus is cuimhin liom chuig suipéir⁽¹⁸⁾ bhíodh prátaí aige formhór na dtithe.

Bailitheoir: Sea

Scéalaí: Agus, ní aon phlataí ná sciana a bhíodh ann, ach bórd fé mar atá ansan anois agus paca garbh a chuir ar an' mbord agus a corcán a thógaint den dtine,' is scagadh an t-uisce a bhaint dóibh agus é a chaitheamh amach an a' mbord. Agus pláta mór a chuir ar a' bharr, iasc, bhíodh iasc go leor an uair sin ann, agus gach éinne agus a lámhaibh agus a phláta. Ní forc ná scian a bhíodh ann, ach a' pláta i mbarra ar bhuid breátha. Iad ag gáirí fé mar a deiridís.

Bailitheoir:... (gáire)

Scéalaí: mar bhíonn siad briste. Is cuimhin liom go maith é. Níl sé, níl sé comh fada san ó bhaile. Ach anois, na feirmeoirí atá ann, níl siad ag cuir, níl siad ag cuir ach cúpla ridge prátaí, le, cúpla leabhaidh fé mar a dearfá.

Bailitheoir: Sea

Scéalaí: Tá siad á gceannach ón gComhchumann, agus tá siad daor.

Bailitheoir:...

Scéalaí: Tá fhios agam feirmeoirí iad cheannaigh ón gComhchumann iad i mbliana. Is mór an náine é ar shlí, ach is dócha go... siad ag déanamh airgid ar rud éigin eile ach tá prátaí an-dhaor anois le ceannach.

⁽¹⁴⁾Deireann sé 'l'eile' in ionad lá eile.

⁽¹⁵⁾Ní chuireann sé béim ar an 'd' i 'dúirt sé'

⁽¹⁶⁾Cloisim 'síl'

⁽¹⁷⁾Úsáideann sé 'chuige' agus do le chéile anseo

⁽¹⁸⁾Tugann sé an Tuiseal Tabharach do supéir anseo – deireann sé 'suipéid'

Bailitheoir: Ó tá gan dabht.

Scéalaí: Tá.

Bailitheoir: Cathain a dheinidís an talamh a threabhadh?

Scéalaí: Ní mór a threabhadóireacht a dheinidís nuair a rabhas anseo. Nuair a bhíodh na prátaí bainte d'fhanadh an ithir, sin an...an ithir i ndiaidh na bprátaí, tillage* do threabhaidís é sin i gcóir na Bealtaine arís chuige eoirre.

Bailitheoir: Ó Sea.

Scéalaí: Ní raibh a ndóthain talún acu ag pleatadh, pleata báin a threabhadh amach, cuid acu a dheineadh é a' dtuigeann tú?

Bailitheoir: ...

Scéalaí: Ach, ithir na bprátaí threabhadís é, agus dheinidís harrowing* agus rudaí mar sin air, agus a talamh ansan, ní raibh sé abálta an coirce a thabhairt.

Bailitheoir: Sea.

Scéalaí: B'fhéidir eorna agus seagal a bhíodh an uair sin ann, ach má churfeá coirce, chaithfeá stiuf a cheannach go daor agus é a chur air, agus ní bheadh agat ach ? ná beadh puinn maitheas ann.

Bailitheoir: An rabhais abálta an ceacht a úsáid?

Scéalaí: Ó, bhíos ar a gceachta ó bhí sé déag.

Bailitheoir: Sea.

Scéalaí: Agus ba chruaidh an obair í, i⁽¹⁹⁾ na leapacha le dhá chapall agus le gleacht⁽²⁰⁾ le céachta, a dtuigeann tú?

Bailitheoir: Sea.

Scéalaí: Bhraithfeadh sé ar na capaill fé mar a oibridís le chéile. B'fhéidir go mbeadh ceann acu ag cur do, a dtuigeann tú? Agus ceann eile ag dul chun chinn, ach dá mbeadh a dá capall ceart agat le chéile agus ag tarrach⁽²¹⁾ le chéile bheifeá ar fheabhas, agus a ceacht a bheith go maith.

Bailitheoir: Sea

Scéalaí: Bhí sé chomh maith d'obair...chomh tabhachtach is dócha is a gheobhfá, da mbeadh an dá capall ceart agat, ní ghá dhuit aon tiománaí, bhíodh tiománaí ara acu, acu leis ag coimeánt na gcapaill agus duine eile ar a gceachta.

Bailitheoir: Sea.

Scéalaí: Ach mórtimpeall na háiteanna a líon an capall ceart agus na ceachtaí cearta, bhídís ag treabh fé mar a deiridís long reins*, bhídís féin ag sturiú agus ag treabhadh comh maith.

Bailitheoir: An mbíodh dhá chapall ag gach duine an uair sin.

Scéalaí: Well, ní raibh ach bhíodh páirtí acu óna chomharsan, a dtuigeann tú?

Bailitheoir: Ó Sea.

Scéalaí: B'iad na feirmeoirí móra, bhíodh capall agus pony* acu, agus cuid do na ponies* bhíodar an-mhaith chuig treabhadh.

Bailitheoir: Sea.

Scéalaí: Agus threabhaidís leis na capaill.

Bailitheoir: See

Scéalaí: Bhíodar traenála chuige sin, a dtuigeann tú ach timpeall na háite seo, b'fheidir go mbeadh capall ag a fear trasna an bhóthair agus beimísne páirteach⁽²²⁾ a dtuigeann tú?

Bailitheoir: Sea.

Scéalaí: Sin mar a bhí, dheinidís an obair agus bhí comharsanacht comh maith le chéile.

Bailitheoir: Sea.

⁽¹⁹⁾Deireann sé 'i deanamh' in ionad ag déanamh.

⁽²⁰⁾Ar dtús deireann sé 'le gleacht', ach cuireann sé an 'c' isteach ina dhiaidh.

⁽²¹⁾Cloisim 'ag tarrach' in ionad 'ag tarraingt' is dócha.

⁽²²⁾Deireann sé 'Páirte' anseo.

Bailitheoir: agus bhead ar fad ag cabhrú lena chéile, a dtuigeann tú?

Bailitheoir: Sea.

Scéalaí: B'iontach a saol é, ar a gcuma atá a saol inniu.

Scéalaí: ...do yea dhéanfá leis an gceacht

Bailitheoir: Ó Sea.

Scéalaí: Bhí sé cruaidh go leor ag tosnú.

Bailitheoir: Sea.

Scéalaí: Ach nuair a bheadh sé tósnaithe agat, cúpla ceann déanta... bheadh sé...dhéanfá é ach, bheadh gach⁽²³⁾ aon rud ag teacht chugat saoráideach ort an dtuigeann tú. Ba bhreá an obair í.

Bailitheoir: Sea.

Scéalaí: A, bhíos ag obair i gCill Árne ag⁽²⁴⁾ feirmeoir bliain amháin.

Bailitheoir: Sea.

Scéalaí: Ní raibh aon tractor* an uair sin ann, agus nuair a chuas ann ní raibh táithí agam a bheith ag treabhadh le dhá chapall.

Bailitheoir: Sea.

Scéalaí: ...gan duine a bheith ag tiomáint na gcapaill dom, an dtuigeann tú, ach dúirt sé liom caithfidh tú dul ag treabhadh dúirt sé an tseachtain seo chugainn.

Ó, arsa mise, ní féidir liom, is féidir liom treabhadh arsa mise ach dúirt sé ní bheidh aon tiománaí agat a dúirt sé fé mar a bhíonn thiar sa Daingean. Pé turas a ghabhain timpeall is áit liom duine ag comáint na gcapaill, agus fear eile ar an gcéachta.

Bhuel, ní féidir liom é a dhéanamh is dócha arsa mise, ach bainfead triall as. Ach d'fhan sé im' theannta cúpla uair a chloig, is 's deinead⁽²⁵⁾ ceart go leor an dtuigeann tú.

Bailitheoir: Sea.

Scéalaí: Ach tráthnóna ghéar⁽²⁶⁾ cheapas ná raibh aon obair sa domhan chomh tórtar léithe, nuair a bhí na capaill liota síos agus an obair ag imeacht i gceart.

Bailitheoir: Sea

Scéalaí: An dtuigeann tú

Bailitheoir: Yea

Scéalaí: Agus tháinig sé tráthnóna. An bhfuil fios agat, a dúirt sé fear atá ag treabhadh le dhá chapall, ní aon worry* sa domhan air. Ní sé ag cuineamh ar aon rud ach an obair atá roimhis, agus is 'sé an fear is compórdaí sa domhan é. Ó, bhí an ceart aige.

Bailitheoir: Sea

Scéalaí: An dtuigeann tú? Agus adúirt sé is mór an laochas a bheidh ort tráthnóna.

Bhuel, bhí...bhíodh rince againn, agus nuair a bheith tú ag an rince, bhuel bhualifeadh duine éigin leat, bheadh caint ar obair an lae agus mar sin an dtuigeann tú, air⁽²⁷⁾ ach Bhíos á rá le buachall eile, dúirt sé liom, stroinseirí is ea tusa anseo. Mhuise, arsa mise táim ag obair anseo anois sé sé seachtaine, agus chur sé ceist orm, dúirt leis an áit. Tá aithne mhaith ar an áit agam adúirt sé. Tá mórán ui-oibre sa tigh sin adúirt sé. Ó tá arsa mise mórán oibre. Tá beirt buachaillí eile aimsire ann chomh maith arsa mise agus cailín aimsire.

Ach cad a bhís ag déanamh inniu adúirt sé. Bhíos ag treabhadh arsa mise. Ó, adúirt sé ...an féidir leat adúirt sé, é a dhéanamh agus tánn tú in aigne...Ó is féidir, is mise a dheinis aige baile é, ach arsa mise ní...ní...ní...ddheinimid ní dheinim ar an bhfeirm ach an chuid is mó de ach m'athair. Ach táim tagtha isteach anois air an mine agus is dócha ná fuil aon obair sa domhan chomh deas leis. Bhíodh gach rud i gceart acu siud an

⁽²³⁾Ní chuireann sé an bhéim ar 'gach'.

⁽²⁴⁾'Aige' a deireann sé anseo – tá sé sa chanúint acu.

⁽²⁵⁾Níl soléir mar gheall ar 'is deinead'

⁽²⁶⁾Ceapaim do ndeireann sé 'ghéar' anseo.

⁽²⁷⁾Níl a fhios agam cad atá á rá aige anseo ach tá sé cosúil le 'ear-rach'?

táim ag obair anseo anois sé sé seachtaine, agus chur sé ceist orm, dúirt leis an áit. Tá aithne mhaith ar an áit agam adúirt sé. Ta mórán ui-oibre sa tigh sin adúirt sé. Ó tá arsa mise mórán oibre. Tá beirt buachaillí eile aimsire ann chomh maith arsa mise agus cailín aimsire.

Ach cad a bhís ag déanamh inniu adúirt sé. Bhíos ag treabhadh arsa mise. Ó, adúirt sé ... an féidir leat adúirt sé, é a dhéanamh agus tánn tú in aigne...Ó is féidir, is mise a dheinis aige baile é, ach arsa mise ní...ní...ní...ddheinimid ní dheinim ar an bhfeirm ach an chuid is mó de ach m'athair. Ach táim tagtha isteach anois air an mine agus is dócha ná fuil aon obair sa domhan chomh deas leis. Bhíodh gach rud i gceart acu siud an dtuigeann tú, an ceachta bhíodh sé gléanta, fearasta suas, fáiscithe an dtuigeann tú. Ní mar a chéile é agus na ceachta a bhíodh anseo. B'fhéidir go mbíodh cuid acu ag titim as a chéile...(gáire) agus bhíodh gach aon rud i gceart. Ach tháinig sé ag féachaint ar mo chuid oibre tráthnóna, anois adúirt sé tánn tú chomh maith agus do dhéanfainn fhéin é. Bhí an-eagla orm ar maidin arsa mise, ach, ag tosnú, bhí fhios agam adúirt sé go mbheithfeá tré dhéanamh ach...bhís ag cuineamh ná b'fhéidir leat é a dhéanamh gan duine a bheith ag comáint na gcapall duit...Ó, sin é a chuir isteach orm arsa mise, agus bhí na capaill, d'aithionadar go rabhas go stroinséir mar déarfainn, gan iad a rannadh⁽²⁸⁾ agus a oibriú i gceart agus bhí rudaí ag dul ina' choinne an chéad uair.

Bailitheoir: Sea

Scéalaí: go mhór ag casadh i mbun agus i mbarr an ghaint an dtuigeann tú agus ag tosnú iomaire eile a dhéanamh. 'Sé' sin beagainín cruaidh. Ach ansan a dhéinidís pleata talún, pleata bán a glaoididís air, gort ar fad a threabhadh amach ag coirce nó rud éigin – Bhí sé sin i bhfad níos saoráidí mar ní bheadh ort tosnú le iomaire go mbeadh an obair imeacht mar sin i gcónaí, an dtuigeann tú, ach sa pháirc in aice liom bhí feirmeoir mór eile ann agus dhá chapall agus⁽²⁹⁾ é ag treabhadh agus píop ina bhéal agus bhí ma fei – thugainn súil fhéachaint air anois agus arís agus é ina sheasamh fé mar a bheadh sé ag súil an bhóthair ag treabhadh leis na capaill. Ó chuireas an-spéis ar fad ann, an dtuigeann tú?

Bailitheoir: Yea

Scéalaí: Is dóigh liom ná raibh aon obair sa domhan comh deas, tábhar leis.

Bailitheoir: An gcuiridís a lán coirce an uair sin?

Scéalaí: ó chuiridís mórán coirce agus...

Bailitheoir: Cén t-am den bhliain?

Scéalaí: - I, sa i dtosach na Bealtaine.

Bailitheoir: Sea

Scéalaí: nó i ndeireadh an Aibreáin a chuiridís an coirce, agus do, bhuel, cuireann siad ansúid mar timpeall an Chiarraí 'is na feirmeoirí móra cuireann siad san...ach ní chuirid anois mo thuairim, tá silage agus rudaí anois agus man sir, dtuigeann tú, ach bhíodh go leor, a lán coirce a cur agus eorna agus bhídís, chuiridís meangailí agus turnapí an dtuigeann tú ar a druillí ar fad é sin.

Bailitheoir: Sea

Scéalaí: tháinig sé sin ana-chruaidh orm ar fad leis.

Bailitheoir: Sea

Scéalaí: Druillí a dhéanamh leis an gcéacht, an dtuigeann tú?

Bailitheoir: Sea

(28) Nílím cinnte an é seo an focal a deineann sé anseo.

(29) Anseo arís tá am 's' an-fhada.

Scéalaí: Ach ní bheadh ar talamh cruaidh nuair a bheifeá ag déanamh druillí...bheadh sé, bheadh sé bogtha suas ag an , har...aige na braicí á, á bhracáil harrowing* fé mar a dearfá, ach fuaireas na druillí leis an-chruaidh an céad uair.

Bailitheoir: agus conas a dheinidís an coirce a bhain, le speal?

Scéalaí: Bhuel, bhainidís le speal anseo é, agus a féar chomh maith...

Bailitheoir: Sea

Scéalaí: Bhaineas⁽³⁰⁾ ...locht sé acra talún le speal...’sé an obair is cruaidh sa domhan, spealadóireacht, ach má bhíonn faor agat agus a-an speal ceart...bhí sé cuíosach saorádach ach, do mharódh sé tú.

Bailitheoir: Sea

Scéalaí: spealadóireacht a thugaidís air. Ar timpeall na háite seo ar fad anois, ní raibh aon mheasíní in aon chor ann, ach speala.

Bailitheoir: Sea

Scéalaí: Agus ag cuir faor uirthi le cloch, cloch speile, ach bhíos ag baint an fhéir lá agus ghabh sean seanfhear chugam ón mbaile My God* adúirt sé liomsa tá an-fhaor agat. Sin edge* a dtuigeann tú

Bailitheoir: Sea

Scéalaí: n’fheadar an bhfuil arsa mise. Ó tá bhíos ag féachaint ort adúirt sé agus nuair a bhíonn tú ag cuir faoir ar an speal comh minic. Agus adúirt sé tánn tú ag obair no chruaidh a fada, tá an iomad déanta agat ó mhaidin. Maró tú t’fhéin a dtuigeann tú?

Bailitheoir: Sea

Scéalaí: ach do bhaineas an méid sin. Dheineas é ar feadh sé nó seacht de bhliana. Ansan nuair a tháinig na tractors* ach, thógaimís an tractor*, b’fhiú aon airgead é chuige féar a bhaint, sula é a bhaint le spreall, a dtuigeann tú.

Bailitheoir: Sea. Agus nuair a bheadh coirce bainte agaibh leis an speal cad a dheanadís leis ansin.

Scéalaí: Bhuel, cheangalaidís é, dheinidís punannacha leis, sheaves*, an dtuigeann tú.

Bailitheoir: Sea

Scéalaí: Agus dheinidís stácaí dó sa ghort, chuiridís ina seasamh suas le dhá cheann deag, bead i dteannta a chéile agus ansan thagadh an ghaoth leagadh an ghaoth iad agus chaithfeá iad a thógaint arís, agus miain a bheidís tirim ansan, tharraig, tharrag...tharradaimis isteach é in aice le tigh na mba, sa gharraí agus dheinimís stácaí de.

Bailitheoir: Sea

Scéalaí: Agus chuirimís air i gcóir an gheimhridh, díom agus clocha agus súbáin agus sin é an rud a thugaidís dos na ba anseo a thugaidís dos na ba anseo ar feadh an gheimhridh

Bailitheoir: Sea

Scéalaí: Coirce,...dheinidís go raibh purann coirce ana-mhaith do bhó.

Bailitheoir: Sea

Scéalaí: Anois níl aon, níl aon rud mar sin ann, féar a thugann siad dos na ba.

Bailitheoir: Sea

Scéalaí: Agus meangáilí agus...bhí turnapí dearga leis ana-mhaith.

Bailitheoir: Sea

Scéalaí: turnapí, tá fhios agat.

Bailitheoir: Sea. Ar bhain tu úsáid riamh as a...a suiste,...fleal.

Scéalaí: Ó, corrán, nó bh...bhaineas...nó, nó, ní ní cuimhin liomsa nuair a bhíodar ag baint, na, am coirce ort to dheineadar é

(30)Stadann sé tamaillín ar an ‘S’ agus ar ‘locht’ leis.

Bailitheoir: Sea

Scéalaí: Cad mar gheall ar na daoine bochta adúirt an fear a ghabh chugamsa sa pháirce lá, bhíos ag spealadóireacht, caithidh⁽³¹⁾ bhaint leis na corrán.

Bailitheoir: Sea

Scéalaí: Ach, tá fhios agam, chn...chnoc..., chonac ar corrán, tá a fhios agam cén rud é, tá ceann acu sa tigh thíos, baineann siad an féar leis, agus is deinid am gairdín leis.

Bailitheoir: Sea

Scéalaí: Ach táid...is dócha ná bíodh puinn coirce a cur acu, mar da mbeadh suas le acra acu, ní bheadh sé bainte go deo le corrán.

Bailitheoir: Sea

Scéalaí: Agus chuiridís an stuif ar na prátaí le...le tor, tor aitinn b'fhéidir nó tor craobh⁽³²⁾ chuiridís isteach sa [dteach] agus chuiridís leataidís amach an stuif ar na prátaí leis.

Bailitheoir: Sea

Scéalaí: N'fhacas-sa in aon chor é, iad á dhéanamh san ach chuala m'athair á rá.

Bailitheoir: Sea

Scéalaí: An dtuigeann tú? An dóigh leat gur saol cruaidh a bhí ann?

Bailitheoir: Yea, Ó do bhí...saol ana-chruaidh

Scéalaí: Yet*, bhíodar sásta leis

Bailitheoir: Yea, bhíodar is dócha

Scéalaí: Bhíodar chomh sásta leis agus ní feicfidh riamh ach, 'sé seo anois an baile, ch... agus cúpla baile eile, bhuel, ní dearfaim go rabhadar bocht ach ní raibh an talamh go maith.

Bailitheoir: Sea

Scéalaí: agus iascaireacht is mó a dheinidís, ní thugadar aon aire den dtalamh.

Bailitheoir: Sea

Scéalaí: Agus gaineamh ar fad a tharraigíodar ar an dtalamh, a ...gaineamh a chuiridís fós na ba mar mar leabhaidh.

Bailitheoir: Sea

Scéalaí: San áit atánn tusa anois cuireann siad straw* agus rudaí...bhuel, ní siad á dhéanamh anseo chomh maith anois. Gaineamh ar fad a chuiridís agus ansan nuair a chaithtí amach tithe na mba, chaithtí amach in yard* é agus is dócha gaineamh is mó, agus do mharaibh an gaineamh an talamh anseo.

Bailitheoir: Sea

Scéalaí: Agus tá sí le feiscint sa talamh fós, nuair a bheifeá ag rubhair tá sí le feiscint fós ann agus sin é a mharaigh an talún, ach tá an talamh ag teacht suas anois mar tá na fearaistigh agus na leasatha cearta á chuir air, an dtuigeann tú?

Bailitheoir: Sea

Scéalaí: An dtuigeann tú faoi ndearc ná go bhfuil an talamh go maith.

Bailitheoir: Yea, tá

Scéalaí: La, tá, tugann, tugann na cuairteoirí ar fad faoi ndeara go bhfuil, tá sé glas, ná fuil?

Bailitheoir: tá sé

Scéalaí:...bhuel timpeall na hÉireann ar fad, bhuel, ó Thráighlí go Baile Átha Cliath ar an dtraen, bhuel, an talamh tá sé ar fheabhas.

Bailitheoir: Sea

⁽³¹⁾'catha' a deireann sé is dóigh liom.

⁽³²⁾Níl an bhéim an H anseo "craoi" a cloisim.

Scéalaí: Ba bhreá leat féachaint air, ach na cuairteoirí agus na feirmeoirí agus daoine ná bíonn aon fheirm acu tugann siad faoi ndeara go bhfuil an talamh ana-mhaith anseo.

Bailitheoir: Is dócha gur chaith tú tamall sa phortach leis ag baint na móna.

Scéalaí: Ó my gor*, an portach a bhí againn in aice le Dún an Óir.

Bailitheoir: Sea

Scéalaí: Ansan, bhí dhá fhód déag ar airde ann agus is dócha go raibh sé naoi droichead faid agus bhí móin ann chomh maith agus is dócha ní raibh aon ghual sa domhan chomh maith léithe. Bhí méanach thar barr inti, agus bhí suas le trí troighe dul thar an bharr, gream mar ritheadh t-uisce air uair amháin ag sileadh sa tseana shaol agus do chaithfeá é sin ar fad a ghlanadh chuig teach ar an áit a bhíodh an mhóin. Obair ana-chruaidh ar fad is cuimhin liom, ach b'fhiú é a dhéanamh mar bhí an mhóin ana-mhaith ar fad.

Bailitheoir: Sea

Scéalaí: agus tháinig aon bhliain amháin n'fheadar cén bliain anois í súid, níor thriomaigh aon mhóin in aon áit agus craobh, bhíodar ag baint crainn ar an gcnoc chuige, chuige tine agus do thriomaigh an mhóin sa phortach seo mar bhí an méanach thar bharr inti, an dtuigeann tú?

Bailitheoir: Sea

Scéalaí: Is cuimhin liom

Bailitheoir: Agus conas a bhainidís an mhóin

Scéalaí: le sleán

Bailitheoir: le sleán, yea

Scéalaí: agus chaithfeá, b'fhéidir sé troig ós do chionn, chaithfeá am píce a chur in áirde agus bhíodh meitheal mór ann.

Bailitheoir: Sea

Scéalaí: Bhíodh ag baint an phortaigh anois. Nuair a bhímís-ne ag baint an phortaigh,⁽³³⁾ b'fhéidir go mbeadh deichnúir againn, agus dhá sleán ag baint agus ag baint ag cuir in airde agus beirt nó triúr in áirde á leathadh amach.

Bailitheoir: Sea

Scéalaí: Agus bhí sé go hiontach ar fad, agus ar an tae ansan a dheinidís ar an bportach, bhíodh fear chuige tine a dhéanamh, bhí tobar fíor usice in aice leis agus bheadh fear a thugadh an citeal chuige tae a dhéanamh, citeal mór iarainn.

Bailitheoir: Sea

Scéalaí: agus chuiridís suas le leath phúint tae ar an gciteal, agus bhíodh an tae sin go haoibhinn ar fad bhíodh sé chomh buí le ór.

Bailitheoir: Sea

Scéalaí: agus tráthnóna breátha bheith á ól, bhí sé go hiontach dtuigeann?

Bailitheoir: Ansan, nuair a bheadh an mhóin tirim ansin, thugaidís

Scéalaí: Bhuel, nuair a bheadh an tirim, ansan, cnocaraidís í, dheinidís stácaí beaga de, an dtuigeann tú?

Bailitheoir: Sea

Scéalaí: Agus, fhágtáí ansan b'fhéidir mí, fé mar a thagadh an tirimioch bailití le céile í dheinidís reek* nó cruach de fé mar déarfá

Bailitheoir: Sea

Scéalaí: Ní thugaimís abhaile go dtí an dtigh go deo í, ach dheinimís cruach de ar thaobh an bhóthair, ag teacht aníos ón bportach. Ansan nuair a bhí an portach caite, sin é a uair a thosnaíos ag obair na feirme, bhíos i Sasana agus nuair a thanag abhaile

(33)Ag baint an phort a deireann sé, tá an 'aigh' fagtha ar lár

dúirt duine éigin liom, tá ana-dhearmad ortsa adúirt sé, tá portach breá móin-nithe agat fós sa bhfearann. ‘Móin-nithe’ arsa mise, sin hand-turf,* an gcuala roimhe riamh air?

Bailitheoir: Nó, mór chuala

Scéalaf: Móin í, móin í ina dheinimid, dhein...dhein...dhein...dheinimís lenár laimhibh.

Bailitheoir: Ó sea

Scéalaf: Á, do bhí fhios agam cén rud í alright ach, ní rabhas istigh riamh a bportach á déanamh, ach chinn ar an gcorrach á dhéanamh aige daoine eile. Ó in ainm Dé arsa mise ní rachaidh mé ag tosnú. Bhuel anois adúirt sé, gabh chugamsa lá éigin agus fuairas an portach san anuas de phortach-sa ó dhuine éigin. Níor, bruascár ab ea, an dtuigeann tú.

Bailitheoir: tuigim

Scéalaf: Bhí méanach na móna ann, agus b’fhéidir fód móna anois agus arís ar fáil ann ach bhí slabhaíocht d’oibre ann, agus déarfadh-sa leat adúirt sé conas go n-osclódh tú portach agus teacht air i gceart. So, do chuas agus do bhuaile sé liom ar an bportach agus do thosnaigh sé agus dúirt sé liom cad a dhéanfainn, agus bhí seachtain caithfeá an ...an, an...an brusear ar fad a chaitheamh in airde ar bharr an phortaigh agus é a scaipeadh amach agus é a bhaineadh le píce, ansan chaith...chaithfeá an capall a thabhairt leat, ó go bhféire Dia orainn...gáire, agus harrowing a dhéanamh air, bhracáil a deirimís.

Bailitheoir: Sea

Scéalaf: Chomh míl leis an síoda agus ansan chaithfeá, chaithfí usice a bheith á chaitheamh air, aníos as an bportach, beirt nó triúr ag caitheamh uisce in airde le bucéidí⁽³⁴⁾ agus bheifeá-sa ag déanamh harrowing* air leis an gcapall agam leis an gcéachta⁽³⁵⁾ ansan nuair a bheadh sé úllamh, bheadh beirt eile agat ag déanamh drids.⁽³⁶⁾

Bailitheoir: Sea

Scéalaf: Le sluathad agus bheadh an druid fé mar a bheadh druilg druill meanga-lí agus do cheapfá an fód mar sin agus do do shleamhnófá led’ láimh, bheadh sé...bheadh sé go hálainn, nuair a thagadh sé go dtí an bpointe sin, an dtuigeann tú, agus d’fhágfá ansan é ina dhruills é ar feadh mí agus nuair a bhíodh sé ag tirimiú ag éirí dí as an dtalamh agus d’éireodh an fód leat agus do thogfá in airde é, an mhóin is fearr a bhí sa domhan riamh...gáire... móin-nithe, bhí sí againn ar feadh dhá bhliain déag anseo, ach do, bhí sé sin caite amach leis, agus chaitheas é a fhágaint ansan, bhuel dá mbeadh sé ann ó shin, níorbh fhéidir liom í a dhéanamh mar níl...níl na daoine ann anois.

Bailitheoir: Sea

Scéalaf: An dtuigeann tú? Níl éinne ann anois le fáil agat.

Bailitheoir: Sea

Scéalaf: Cabhairfodh na comharsain ar fad le chéile an uair sin agus bhí na daoine ann, fiú amháin bheadh duine agat chun an tae a dhéanamh dtuigeann tú? Agus ba mhór an cabhair é sin.

Bailitheoir: tá a fhios agam

Scéalaf: Agus bhí Seán de hÓra sa tigh ar dheis, bhí sé in aice liom, bhí portach eile sin agus a bhí againn agus d’oscail sé an portach céanna.

Bailitheoir: Sea

Scéalaf: agus dheineadh sé sin am mhóin nithe chomh maith. Ach bhíodh ana-lá againn, an lá a bhímís á dhéanamh ní raibh ach lá breá a d’fháil.

Bailitheoir: Sea

⁽³⁴⁾Tá fuaim a bhéalrí anseo ‘buckedí’ a deireann sé

⁽³⁵⁾Úsáideann sé an Uimhir Iolra anseo.

⁽³⁶⁾Deireann sé ‘drids’ in ionad drills

Scéalaf: agus dheineadh sé sin am mhóin nithe chomh maith. Ach bhíodh ana-lá againn, an lá a bhímís á dhéanamh ní raibh ach lá breá a d'fháil.

Bailitheoir: Sea

Scéalaf: mar bhí sé i bhfad ó bhaile. Tá sé suas le trí mhíle ón áit seo.

Bailitheoir: Tuigim, yea

Scéalaf: 'Sé an an dtaobh eile ó Dhún an Oír, agus dá mbeadh, dá bhfluichach an lá ort bhís cailte mar níorbh fhéidir leat faic a dhéanamh...(gáire)...Bheadh an áit, ó, bheadh sé ina lathaigh pluda agus ainnis agus rud, agus ansan caithfeá wine* a chuir timpeall uirthi ós na hainmhithe, an dtuigeann tú.

Bailitheoir: ó, tuigim

Scéalaf: mar má fhágfá i do dhiaidh é tar éis í a dhéanamh, bhí na hainmhithe ar fad ar an gcorrach, rachadh na hainmhithe isteach inti agus bheadh sí...bheadh sé lathaithe arís, an dtuigeann tú? Ach b'iontach an mhóin í, móin nithe a ghlaoidís uirthi. An gcualáís riamh é?

Bailitheoir: Nó, ní chuala, nó

Scéalaf: Ní aon adh-déanach anois, bhí portach ansan thiar i ...ag dul sa slí go Baile an Fheirtearaigh síos ansan, tá cúpla tigh nua anois ann, bhíodar adh-déanach ansan cúpla bliain nó trí ann agus iad ag caitheamh an usice in airde ó in ainm Dé arsa mise, ní mhaith liom é...(gáire). Ní mhaith liom tosnú arís...(gáire) ach bhí ana sclabhaíocht ar fad an brusear a chaitheamh amach sa portach agus é a chaitheamh in airde agus é a bhriseadh suas agus é a leathadh amach an dtuigeann tú.

Bailitheoir: Tuigim, yea

Scéalaf: So, bhí sclabhaíocht ann

Bailitheoir: ...ach bhíodar sásta leo fhéin is dócha

Scéalaf: bhí, bhí, bhí dheineas fhéin é gan éinne in aonach liom agus bhíos, d'fhánas an tráthnóna ar-dheanach ar fad, agus ghabh fear an bóthar agus bhíodh tarbh aige feirmeoir ar an dtaobh thuas agus thugadís na ba go dtí an dtarbh an uair sin, an dtuigeann tú? agus aistracha ar na mbó. Chonac an fear ag gabháilt an bóthar, bhuel bhíos tamall síos, ach bhuaíl sé liom tar éis an Aifrinn, an Domhnach ina dhiaidh. Is dóigh liom adúirt sé gur tú a bhí thíos ag gainimhneach adúirt sé sa chorrach an tráthnóna eile, agus ní raibh aon trua agam d'éinne ach duit, ag caitheamh..... Ó, go bhfóire Dia orainn, cén fáth ná fuairis duine éigin? Ní raibh éinne le fáil agam arsa mise, dheineas fhéin é, is fiú í a dhéanamh arsa mise, mar tá an mhóin go maith...mhuisse, dúirt sé tá ach...bhí, bhí an obair ró-chruaidh, ó bhí an ceart aige...gáire...Bhuel, ach bhaineas...hocht nó naoi de bhliana as an méid sin ach, nuair a chuas go dtí an...go dtí, ar an dtaobh eile den bportach ní raibh an brusear ann ach cré so, cré lán, agus ní fhéadfá móin a dhéanamh de san, an dtuigeann tú?

Bailitheoir: Sea.

Scéalaf: Ach an capall agus an bráca a thabhairt agus ag caitheamh an uisce, bhíodh leisce ar an gcapall tosnú, chuireadh an t-uisce eagla orainn...(gáire)... agus bhíodh sé ag léim in áirde sa spéir...(gáire) bhí sé ana-chruaidh ar fad, ach n'fheadar éinne cad a ghabh na daoine tríd, ach bhíodar sásta leis, obair an-chruaidh ar fad ab ea í.

Bailitheoir: Sea

Scéalaf: Ní dhéanadís anois í

Bailitheoir: Tá fhios agam

Scéalaf: Nó, níl éinne le feiscint in aon pháirc anois, ná níl?

(37)Ní féidir liom na focail a dhéanamh amach.

(38)An bráca a thabhairt isteach deireann sé tá an 'a' in easnamh roimh thabhairt.

Bailitheoir: Níl

Scéalaf: Ó Bhaile an Fheirtearaigh anois go dtí an nDaingean agus ó Bhaile an Fheir go dtí Dún Chaoin níl aon duine le feiscint i bpáirc. Nuair a bhímís ag teacht ón scoil anois fadó, bhíodh ceathrar agus cúigear ag cuir na bprátaí.

Bailitheoir: Sea

Scéalaf: Sa páirceanna. Agus nuair a bheifeá ag dul don Daingean leis an gcart agus leis an gcapall ar an gcuma céanna...Anois níl duine le feiscint in aon pháirc, ná níl.

Bailitheoir: Níl

Scéalaf: Ag cuir prátaí ná ná meangalí ná ruda. N'fheadar chuma thaobh cad as, cad a tháinig, agus tá an saol dulta i bhfeabhas, tá an praghas go maith, agus praghas an bhainne agus...tháinig rudaí nua isteach an duigeann tú?

Bailitheoir: Sea

Scéalaf: Sea.